2024/499

8.2.2024

CINNEADH (AE) 2024/499 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Eanáir 2024

lena gceaptar ceathrar comhaltaí agus ceathrar comhaltaí malartacha, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na Spáinne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 3 Feabhra 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/144 ([2]) lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025. An 28 Meitheamh 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/1043 ([3]) lena gceaptar comhalta agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíocháin ceathrar comhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Abel Ramón CABALLERO ÁLVAREZ agus José María GARCÍA URBANO éirí as oifig, agus tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Jorge Antonio AZCÓN NAVARRO agus Julio MILLÁN MUÑOZ a cheapadh.

(4) Tá suíocháin ceathrar comhaltaí malartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Manuel GARCÍA FÉLIX agus Noelia María ARROYO HERNÁNDEZ éirí as oifig, agus tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Lidia MUÑOZ CÁCERES agus Óscar PUENTE SANTIAGO a cheapadh.

(5) Mhol rialtas na Spáinne na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Jaume COLLBONI CUADRADO, *Alcalde de Barcelona* (Méara Barcelona), Carolina DARIAS SAN SEBASTIÁN, *Alcaldesa de Las Palmas de Gran Canaria* (Méara Las Palmas de Gran Canaria), María José GARCÍA-PELAYO JURADO, *Alcaldesa de Jerez de la Frontera* (Méara Jerez de la Frontera), agus José Luis MARTÍNEZ ALMEIDA NAVASQÜÉS, *Alcalde de Madrid* (Méara Mhaidrid).

(6) Mhol rialtas na Spáinne na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Xavier GARCÍA ALBIOL, *Alcalde de Badalona* (Méara Badalona), Gema IGUAL ORTIZ, *Alcaldesa de Santander* (Méara Santander), Carlos MARTÍNEZ MÍNGUEZ, *Alcalde de Soria* (Méara Soria), agus Inés REY GARCÍA, *Alcaldesa de A Coruña* (Méara A Coruña),

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.
([2]) Cinneadh (AE) 2020/144 ón gComhairle an 3 Feabhra 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 32, 4.2.2020, lch. 16).
([3]) Cinneadh (AE) 2022/1043 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2022 lena gceaptar comhalta agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún (IO L 173, 30.6.2022, lch. 71).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhaltaí:

— Jaume COLLBONI CUADRADO, *Alcalde de Barcelona* (Méara Barcelona),

— Carolina DARIAS SAN SEBASTIÁN, *Alcaldesa de Las Palmas de Gran Canaria* (Méara Las Palmas de Gran Canaria),

— María José GARCÍA-PELAYO JURADO, *Alcaldesa de Jerez de la Frontera* (Méara Jerez de la Frontera),

— José Luis MARTÍNEZ ALMEIDA NAVASQÜÉS, *Alcalde de Madrid* (Méara Mhaidrid),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— Xavier GARCÍA ALBIOL, *Alcalde de Badalona* (Méara Badalona),

— Gema IGUAL ORTIZ, *Alcaldesa de Santander* (Méara Santander),

— Carlos MARTÍNEZ MÍNGUEZ, *Alcalde de Soria* (Méara Soria),

— Inés REY GARCÍA, *Alcaldesa de A Coruña* (Méara A Coruña).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Eanáir 2024.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
H. LAHBIB